Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Feabhra 2023

TEACHTAIREACHT ÓN MBORD BAINISTÍOCHTA – MESSAGE FROM THE BOARD OF MANAGEMENT

Cúrsaí Cumarsáide – Communication in our school community

Luíonn cumarsáid bhríoch ag croílár gach pobal scoile agus anseo i nGaelscoil na Mara, bímid ag obair as lámha a chéile chun cultúr cumarsáide a leagann béim ar mheas agus oscailteacht a chothú agus muid ag tacú lenár ndaltaí barr a gcumas a bhaint amach.

Conas a dhéanfaimid dea-chumarsáid a chur chun cinn?

- **Nuachtlitreacha rialta**
- **Uasdátú ar imeachtaí ranga ó na múinteoirí ranga ar *Aladdin***
- **Eolas ar fáil don phobal scoile ar an suíomh scoile www.gaelscoilnamara.ie**
- **Cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí**
- **Imeachtaí uile-scoile a eagrú.**

Má bhíonn buairt agat i leith dul chun cinn do pháiste, iarrtar ort teachtaireacht a sheoladh chuig an múinteoir ranga (uaireanta oifige amháin, le bhur dtoil) nó glaoch a chur ar an oifig chun coinne a shocrú.

Communication lies at the heart of every school community and in Gaelscoil na Mara, we work together to foster a culture of open and respectful communication as we support our pupils in reaching their potential.

How do we promote positive communication?

- Regular newsletters
- Classroom updates from class teachers on *Aladdin*
- Information made available on our school website www.gaelscoilnamara.ie
- Parent-teacher meetings
- Organising whole-school events.

If you have any concerns about your child's progress, we ask you to send a message to their class teacher (office hours only, please) or ring the school office to arrange a meeting.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Cúrsaí Foirne – Staffing matters

Beidh Príomhoide Karen as láthair ar feadh tréimhse agus beidh Múinteoir Orflaith ag feidhmiú mar phríomhoide gníomhach le linn an tréimhse sin. Is féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh le Múinteoir Orflaith ag a seoladh ríomhphost scoile muinteoirorflaith@gaelscoilnamara.ie
Mar a tharlaíonn le gach as láithreacht, déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht ionadaí cuí a fhostú. Mar a thuairiscítear sna meáin go minic, tá deacracht shuntasach ann i mbliana maidir le soláthar múinteoirí agus gabhaimid buíochas libh as bhur dtuiscint leanúnach linn ar an ábhar seo.

Príomhoide Karen will be absent over the coming weeks. During her absence, Múinteoir Orflaith will assume the role of Acting Principal. Múinteoir Orflaith can be contacted directly using her school email: muinteoirorflaith@gaelscoilnamara.ie.
As with all absences, the Board of Management will make every effort to recruit a suitable substitute. This year in particular, recruitment has proven to be particularly challenging due to the well-documented limited supply of teachers and we thank you for your continued understanding in this regard.

Cleachtadh Múinteoireachta – Teaching Practice

Is mór an onóir dúinn go mbíonn mic léinn ó na coláistí oideachais ag iarraidh teacht chun socrúchán scoile a dhéanamh inár scoil. Mar is eol daoibh, tá Múinteoir Mary ag múineadh linn i rang Naíonáin Mhóra/Rang 1 le cúpla seachtain anuas agus tá an-áthas orainn fáilte a chur roimh Múinteoir Nathan a bheidh le Naíonáin Bheaga i mí an Mhárta. Is deis iontach é seo dár scoil pobal foghlama a chothú agus tacú le forbairt ghairmiúil don chéad ghlúin eile d'oidí. Guímid gach rath orthu beirt ina saol múinteoireachta!

We are delighted to have had the opportunity to welcome students from colleges of education who wish to undertake their school placements in our school. As you are already aware, Múinteoir Mary has been teaching with us in Naíonáin Mhóra/Rang 1 over the last number of weeks and we look forward to welcoming Múinteoir Nathan to Naíonáin Bheaga in March. This is a wonderful opportunity to for our school to build a learning community and support the professional development of the next generation of teachers. We wish them both all the very best in their future careers!

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Clárúcháin – Enrolments 2023-24

Táimid an-bhrodúil as an bhfás agus an fhorbairt atá tagtha ar an scoil againne ó bunaíodh í trí bliana ó shin. Agus scoil óg ag forbairt, bíonn an-tionchar ag líon na gclárúchán ar an dáileadh múinteoirí a cheadaítear dúinn ag an Roinn Oideachais. Uaireanta, bíonn gá le ranganna a chur le chéile go dtí go sroichimid líon dalta a cheadaíonn múinteoir do gach seomra ranga. Táimid ag súil go mór leis an lá go mbeidh ár scoil lán le daltaí ag foghlaim agus ag spraoi trí Ghaeilge.

Tá cúpla spás fós againn i rang na Naíonán Bheaga agus sa Rang Speisialta don scoilbhliain 2023-24 agus iarrfaimid oraibh an scéal a scaipeadh i measc clanna sa cheantar áitiúil. Tá foirmeacha clárúcháin ar fáil ar an suíomh scoile www.gaelscoilnamara.ie nó ó Abina san oifig scoile.

We are immensely proud of the growth and development that has taken place in our school since we were established three years ago. Enrolment numbers in developing schools like ours dictate the staffing allocation awarded to the school by the Department of Education each year. This can give rise to classes being mixed/combined until such time as school enrolments allow for a teacher to be appointed to each classroom. We greatly look forward to the time when our school is full of children learning and having fun *as Gaeilge*.

We still have a number of spaces available in our Naíonáin Bheaga and our special class for the 2023-24 school year and we encourage you to spread the word to families in our local area. Enrolment forms are available to download from our school website www.gaelscoilnamara.ie or from Abina in our school office.

Cumann na dTuismitheoirí – Parents' Association

Táimid ar bís gur cuireadh tús le Cumann na dTuismitheoirí, Cairde na Scoile, sa scoil an téarma seo caite agus táimid ag súil go mór le bheith ag comhoibriú le chéile chun timpeallacht foghlama spreagúil agus fáilteach a chur ar fáil dár bpáistí. Coinnigh súil ar an leathanach CUMANN NA dTUISTÍ ar an suíomh scoile chun tuilleadh eolais a fháil i rith na bliana.

We are delighted that our Gaelscoil na Mara Parents' Association, Cairde na Scoile, was established last term. We look forward to working together to create a welcoming and inspiring school environment for our pupils. Updates will be posted on our CUMANN NA dTUISTÍ page of the school website.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Focal buíochais – a word of thanks

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl don fhoireann scoile uile – Príomhoide Karen, leas-phríomhoide Orflaith, Múinteoir Éamon, Múinteoir Abby, Cúntóirí Helena & Theresa agus ár rúnaí, Abina - as an obair dhíograiseach a bhíonn ar bun acu gach aon lá chun oideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár ndaltaí.

We would like to thank our school staff – Príomhoide Karen, leas-phríomhoide Orflaith, Múinteoir Éamon, Múinteoir Abby, our SNAs Helena & Theresa and our school secretary, Abina – for their hard work and dedication on a daily basis to offer our pupils high-standard Irish-medium education.

Le dea-ghuí agus buíochas,
Seán Ó Láimhín,
Cathaoirleach

SCÉALTA SCOILE – SCHOOL UPDATES

Dúnadh scoile – Upcoming school closures

Meabhrúchán go mbeidh an scoil dúnta ar na dátaí thíos:
A reminder that school will be closed on the following dates:

- Sos lár-théarma: **16, 17 Feabhra – 16, 17 February 2023**
- La Fhéile Pádraig: **17 Márta – 17 March 2023**

Lá Domhanda na Leabhar – World Book Day

Beidh Lá Domhanda na Leabhar á cheiliúradh againn ar scoil Déardaoin, 2 Márta. Is féidir leis na páistí an leabhar is fearr leo a thabhairt ar scoil agus gléasadh suas mar charachtar ón leabhar.

We will celebrate World Book Day in school on Thursday, 2nd March. Pupils are invited to bring their favourite books to school and dress up as one of their favourite characters on the day.

Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Contae Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla 20530R

Seachtain na Gaeilge 2023

Bíonn Seachtain na Gaeilge mar bhuaicphointe na scoilbhliana dúinn anseo i nGaelscoil na Mara. Tá na páistí ag foghlaim rincí Gaelacha leis na múinteoirí ranga agus tá siad ag tnúth go mór len iad a thaispeáint daoibh. Beidh go leor rudaí deasa ar siúl i rith na seachtaine agus beidh tuilleadh eolais ag teacht go luath!

Seachtain na Gaeilge is always the highlight of our year in Gaelscoil na Mara. The children have been very busy learning different dances with their class teachers and look forward to showing off their talents to the school community. We will have lots of exciting activities during the week - more details coming soon!

Brat Ómra – Amber Flag

Táimid ag díriú i mbliana ar ghníomhaíochtaí chun tacú le timpeallacht folláin ionchuimsitheach a chruthú. Is breá linn a bheith ag tabhairt faoin aireachas agus gníomhaíochtaí folláine eile.

This year, we are working on the Amber Flag Initiative which aims to create healthy, inclusive environments in schools throughout the country. We are having great fun taking part in wellbeing and mindfulness activities.